Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Aibreán 2018**
**(OR. en)**

**7844/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0076 (COD)**

**EF 104**
**ECOFIN 312**
**CONSOM 96**
**IA 89**
**CODEC 509**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Márta 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 163 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 maidir le muirir áirithe ar íocaíochtaí trasteorann san Aontas agus muirir comhshó airgeadra |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 163 final.

---

Faoi iamh: COM(2018) 163 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.3.2018
COM(2018) 163 final

2018/0076 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 maidir le muirir áirithe ar íocaíochtaí trasteorann san Aontas agus muirir comhshó airgeadra

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2018) 84 final} - {SWD(2018) 85 final}

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Cumasaíonn Margadh Aonair an Aontais Eorpaigh saorghluaiseacht daoine, seirbhísí, earraí agus caipitil i ngeilleagar a mbíonn Olltáirgeacht Intíre bhliantúil EUR 15 thrilliún aige. Tugann sé deiseanna nua do ghnólachtaí Eorpacha agus cuireann sé leis an iomaíocht shláintiúil. Cruthaíonn sé sin níos mó roghanna, seirbhísí níos fearr agus praghsanna níos ísle do níos mó ná 500 milliún tomhaltóir.

Ceann de na príomhthosaíochtaí atá ag Coimisiún Juncker is ea Margadh Aonair níos doimhne agus níos cothroime a chruthú. I mí na Nollag 2015, chuir an Coimisiún Eorpach Páipéar Uaine i láthair chun dul i gcomhairle maidir leis an acmhainneacht atá ann margadh níos comhtháite a chruthú do sheirbhísí airgeadais miondíola agus maidir leis na gníomhartha is gá chun an sprioc sin a bhaint amach. Bunaithe ar an aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara agus ar an Tuarascáil ó Pharlaimint na hEorpa[1] maidir leis an bPáipéar Uaine, d’fhoilsigh an Coimisiún Plean Gníomhaíochta[2] i mí an Mhárta 2017 ina leagtar amach straitéis a bhfuil mar aidhm léi neartú an Margadh Aonair do sheirbhísí airgeadais tomhaltóirí a neartú.

Tá ríthábhacht ag baint le híocaíochtaí trasteorann maidir le seirbhísí airgeadais tomhaltóirí agus geilleagar an Aontais a chomhtháthú. Imríonn siad ról tábhachtach maidir le daoine agus gnólachtaí sna Ballstáit a thabhairt le chéile. Cuireann srianta agus costais iomarcacha ar íocaíochtaí trasteorann cosc ar an Margadh Aonair a chur i gcrích, áfach.

*Táillí i leith íocaíochtaí trasteorann*

Ba le Rialachán 924/2009 maidir le híocaíochtaí trasteorann a cothromaíodh, ar fud an Aontais, na táillí a ghearrtar ar íocaíochtaí trasteorann in euro laistigh den Aontas le híocaíochtaí intíre in euro (i.e. íocaíochtaí in euro laistigh den aon Bhallstát amháin). Cé go gcumhdaítear leis an Rialachán iad, níor bhain na Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro tairbhe as éifeachtaí an Rialacháin sin: sna Ballstáit sin, is amhlaidh gurb an-chostasach atá íocaíochtaí intíre in euro nó nach ann dóibh ar chor ar bith. Mar thoradh air sin, íocann daoine agus gnólachtaí sna Ballstáit sin nach bhfuil sa limistéar euro ardtáillí nuair a thrasnaíonn íocaíocht teorainn a dtíre nó nuair a dhéanann daoine íocaíochtaí agus iad thar lear. Tá na hardchostais sin ina mbac ar an Margadh Aonair a chur i gcrích agus cruthaíonn siad dhá chatagóir d’úsáideoirí seirbhíse íocaíochta san Aontas.

Tugadh rogha do na Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro Rialachán 2560/2001 agus Rialachán 924/2009 a tháinig ina áit a leathnú chuig a n-airgeadra náisiúnta. Bhí an tSualainn ar an aon Bhallstát amháin a bhain leas as an rogha sin, áfach, agus í ag cur táillí i leith íocaíochtaí trasteorann in krona na Sualainne i gcomhréir le híocaíochtaí intíre in krona na Sualainne.

Is é cuspóir an togra seo tairbhí Rialachán 924/2009 a leathnú chuig daoine agus gnólachtaí i mBallstáit lasmuigh den limistéar euro agus deireadh a chur leis an ardchostas atá ar idirbhearta trasteorann in euro laistigh den Aontas. Tá an t-ardchostas sin ina bhacainn ar

[1] 2016/2056(INI)
[2] COM/2017/0139

mhalairtí idir Ballstáit atá sa limistéar euro agus Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro agus déanann sé dochar don dá limistéar. Tabhaíonn daoine agus gnólachtaí lasmuigh den limistéar euro costais níos airde agus iad ag rochtain margaí nó ag idirghníomhú le daoine sa limistéar euro. Fágann sé sin nach féidir leo trádáil ná dul in iomaíocht faoi na dálaí céanna lena gcontrapháirteanna sa limistéar euro. Má tá ag gnólacht nach bhfuil sa limistéar euro soláthraithe atá lonnaithe sa limistéar euro, mar shampla, beidh costas an ionchuir níos airde don ghnólacht sin ná mar a bheadh sé d'iomaitheoir atá lonnaithe sa limistéar euro. Mar an gcéanna, cuireann an bhacainn bhreise sin ar shaorghluaiseacht agus ar thrádáil srian leis an líon cliant féideartha atá ar fáil do ghnólachtaí sa limistéar euro. Léirítear sna táblaí thíos an staid atá ann cheana agus an staid mar a bheidh tar éis an Rialachán leasaithe a chur i bhfeidhm.

Is le hidirbhearta trasteorann in euro, agus san airgeadra sin amháin, a phléitear sa togra seo.

**AN STAID REATHA**

<table>
<tr><th>EURO Á SHEOLADH Ó …<br>CHUIG …</th><th colspan="2">An limistéar euro (+ an tSualainn)[3]</th><th>Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro</th></tr>
<tr><td>An limistéar euro (+ an tSualainn)</td><td colspan="2">TÁILLÍ NIALASACHA/ÍSLE</td><td>ARDTÁILLÍ</td></tr>
<tr><td>Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro</td><td>TÁILLÍ NIALASACHA/ÍSLE DON SEOLTÓIR</td><td>ARDTÁILLÍ DON FHAIGHTEOIR</td><td>ARDTÁILLÍ</td></tr>
</table>

San am i láthair, mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh ar shaoránach nó cuideachta sa Bhulgáir[4] atá ag déanamh aistriú trasteorann EUR 500 chuig an bhFionlainn táillí suas le EUR 24 a íoc, cé nach ngearrfaí aon táille, nó nach ngearrfaí ach táille dhiomaibhseach, ar dhuine atá ag aistriú an mhéid chéanna ón bhFrainc chuig an bhFionlainn[5]. D'íocfadh an duine atá ag déanamh na híocaíochta ón bhFrainc an méid céanna agus a d'íocfadh sé/sí as aistriú intíre laistigh den Fhrainc.

[3] Mar thoradh ar an gcinneadh ón tSualainn glacadh le hAirteagal 14 de Rialachán 924/2009.
[4] Foinse: Tá an staidéar ó Deloitte ar fáil ag https://ec.europa.eu/info/files/180328-study-cross-border-transaction-fees-extension_en
[5] Ibid.

**TAR ÉIS NA LEASUITHE ATÁ SA TOGRA SEO A CHUR I bhFEIDHM**

| EURO Á SHEOLADH Ó … / CHUIG … | An limistéar euro (+ an tSualainn) | Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro |
|---|---|---|
| An limistéar euro (+ an tSualainn) | TÁILLÍ NIALASACHA/ÍSLE | TÁILLÍ NIALASACHA/ÍSLE |
| Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro | TÁILLÍ NIALASACHA/ÍSLE | TÁILLÍ NIALASACHA/ÍSLE |

Mar thoradh ar na leasuithe atá sa togra seo, ní íocfadh an saoránach ná an chuideachta atá ag aistriú euro ón mBulgáir aon táille — nó ní íocfadh sé/sí ach táille dhiomaibhseach — sa chás seo freisin. D'íocfadh an duine nó an chuideachta sin na táillí céanna as aistriú in euro chuig an bhFionlainn agus a d'íocfadh sé/sí as aistriú intíre in lev laistigh den Bhulgáir.

***Oibleagáidí trédhearcachta a bhaineann le cleachtais comhshó airgeadra***

Bunaítear freisin leis na leasuithe ar Rialachán 924/2009 atá sa togra seo oibleagáidí trédhearcachta breise le haghaidh cleachtais comhshó airgeadra ar aon dul le hAirteagail 45 agus Airteagal 59 de Threoir 2015/2366 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach. Tá údar ann leis na hoibleagáidí trédhearcachta nua sin mar nach mbíonn go leor trédhearcachta ar fáil do thomhaltóirí san Aontas nuair a dhéanann siad íocaíocht a bhfuil comhshó airgeadra i gceist léi. Nuair a dhéanann tomhaltóir íocaíocht cárta thar lear (bíodh sí ina haistarraingt airgid ag uathmheaisín bainc nó ina híocaíocht cárta ag díolphointe) in airgeadra seachas a airgeadra náisiúnta, is minic a thugtar dhá rogha dó. Is é an chéad rogha a thugtar don tomhaltóir an íocaíocht a dhéanamh ina airgeadra náisiúnta, ar seirbhís í ar a dtugtar comhshó airgeadra dinimiciúil. Is iad soláthraithe comhshó airgeadra dhinimiciúil agus banc an cheannaí a thairgeann an tseirbhís sin. Is é an dara rogha a thugtar don tomhaltóir an íocaíocht a dhéanamh san airgeadra áitiúil trí leas a bhaint as seirbhísí na scéime cárta agus bhanc an tomhaltóra (comhshó airgeadra neamhdhinimiciúil nó comhshó 'ar an líonra'). Is faoi chleachtais comhshó airgeadra dhinimiciúil go háirithe a bhíonn tomhaltóirí ag déanamh gearán. Déanann siad amhlaidh mar go measann siad nach dtugtar an fhaisnéis riachtanach dóibh chun rogha eolach a dhéanamh. Mar thoradh air sin, is minic a roghnaíonn tomhaltóirí rogha comhshó airgeadra níos costasaí i ngan fhios dóibh féin.

Leis an togra seo, méadófar trédhearcacht do thomhaltóirí tríd an lánchostas ar idirbheart trasteorann a nochtadh. Cabhrófar leo tairiscintí seirbhíse comhshó airgeadra a chur i gcomparáid lena chéile sula dtosóidh siad ar idirbheart íocaíochta a bhfuil comhshó airgeadra i gceist leis a dhéanamh. Toisc gur réimse an-teicniúil é comhshó airgeadra i dtimpeallacht a bhíonn ag athrú go tapa, cuirfear de chúram ar an Údarás Baincéireachta Eorpach caighdeáin theicniúla rialála a bhunú chun cleachtais comhshó airgeadra a cheapadh ar bhealach níos fearr. Bunófar leis an togra freisin uasteorainn shealadach ar chostais comhshó airgeadra go dtí go dtiocfaidh i bhfeidhm na bearta trédhearcachta a gceapfaidh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach iad, i.e. 36 mhí ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe.

A luaithe a chuirtear chun feidhme é, ginfear leis an togra seo coigiltí suntasacha do thomhaltóirí agus d'fhéadfadh laghdú teacht ar an ioncam de chuid roinnt soláthraithe

seirbhísí íocaíochta freisin. Áiritheofar leis an togra freisin nach mbainfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta úsáid as costais comhshó airgeadra chun aon ioncam laghdaithe a chúiteamh trí chorrlaigh mhéadaithe neamh-thrédhearcacha a leagan ar chomhshó airgeadra, toisc, tríd is tríd, nach mbíonn úsáideoirí seirbhíse íocaíochta ar an eolas faoi na costais sin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Ón uair a tugadh isteach an euro, tá tionscnaimh éagsúla seolta ag an Aontas Eorpach chun an costas ar idirbhearta trasteorann a laghdú go suntasach. Liostaítear thíos na trí thionscnamh is tábhachtaí díobh sin.

- Tugadh sraith caighdeán isteach le haghaidh idirbhearta euro sa limistéar aonair d'íocaíochtaí euro, lena n-áirítear aistrithe creidmheasa sa limistéar aonair d'íocaíochtaí euro agus íocaíochtaí dochair dhírigh sa limistéar aonair d'íocaíochtaí euro.

- Leis na Treoracha maidir le Seirbhísí Íocaíochta (Treoir 2007/64/CE, ar cuireadh Treoir (AE) 2015/2366 ina hionad ina dhiaidh sin), méadaíodh a thrédhearcaí atá táillí agus cabhraíodh le rannpháirtithe nua dul isteach sa mhargadh. Ba é an toradh a bhí air sin gur cuireadh leis an iomaíocht i réimse na n-íocaíochtaí, lena n-áirítear íocaíochtaí trasteorann, agus gur méadaíodh a thrédhearcaí atá na táillí a ghearrtar. Toradh eile a bhí air ba ea gur cuireadh feabhsuithe ar an mbonneagar íocaíochtaí, rud a bhí in ann ansin líon méadaithe íocaíochtaí in euro a láimhseáil ar chostas níos ísle.

- Ba ag Rialachán 2560/2001 maidir le híocaíochtaí trasteorann, ar cuireadh Rialachán 924/2009 ina ionad ina dhiaidh sin, a bhí tionchar sa réimse seo freisin trí chothromú a dhéanamh ar tháillí ar íocaíochtaí trasteorann agus náisiúnta in euro laistigh den Aontas.

Ba le gach ceann de na tionscnaimh sin a rannchuidíodh leis an Margadh Aonair a chomhtháthú tuilleadh agus le margadh íocaíochtaí níos comhtháite a chur chun cinn laistigh den limistéar euro.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Cuirtear le feidhmiú níos fearr an Mhargaidh Aonair leis an tionscnamh seo. Tháinig as sin freisin roinnt tairbhí tábhachtacha a ghabhann leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (eadhon idirbhearta trasteorann atá éifeachtúil agus ar chostas íseal) do dhaoine agus gnólachtaí i mBallstáit nach bhfuil sa limistéar euro. Tá an tionscnamh ag teacht leis an bPlean Gníomhaíochta Teicneolaíochta Airgeadais[6], rud a bhfuil mar aidhm leis tuilleadh iomaíochta agus nuálaíochta a chur chun cinn in earnáil airgeadais na hEorpa. Tá an tionscnamh dlúthnasctha le hAontas na Margaí Caipitil freisin, rud a bhfuil mar chuspóir leis fíormhargadh caipitil aonair a chruthú san Aontas, áit ar féidir le hinfheisteoirí a gcistí a infheistiú gan aon chonstaicí thar theorainneacha agus ar féidir le gnólachtaí cistí a chruinniú ó raon éagsúil foinsí, beag beann ar an áit a bhfuil siad lonnaithe. Agus feidhm a bheith ag an tionscnamh seo maidir leis an timpeallacht fhisiciúil agus maidir leis an timpeallacht dhigiteach araon, freastalófar leis freisin ar an gcuspóir atá ag an Margadh Aonair Digiteach deireadh a chur le bacainní ar thrádáil ar líne. Dá bharr sin, cuirfear deireadh le bacainn amháin a d'fhéadfadh díolacháin trasteorann ar líne a chosc, is é sin, táillí ar idirbhearta trasteorann.

[6] COM(2018) 109/2

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tugtar le hAirteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an t-údarás do na hinstitiúidí Eorpacha forálacha cuí a bhfuil bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh mar chuspóir leo a leagan síos.

Cuimsíonn an Margadh Aonair an tsaorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil. Cé go bhfuil tábhacht ag baint le híocaíochtaí maidir leis an Margadh Aonair a chur i gcrích, bíonn bacainní á gcruthú faoi láthair mar gheall ar an ardchostas ar íocaíochtaí trasteorann. Fágann sé sin go mbíonn sé níos doilí do theaghlaigh agus gnólachtaí dul i mbun trádáil trasteorann. Cruthaítear dhá chatagóir d'úsáideoirí seirbhíse íocaíochta mar gheall ar an ardchostas ar íocaíochtaí trasteorann freisin. Tá an chéad chatagóir comhdhéanta d'úsáideoirí sa limistéar euro atá in ann íocaíochtaí a dhéanamh ar chostas an-íseal le formhór na ndaoine agus na ngnólachtaí san Aontas. Tá an dara catagóir comhdhéanta d'úsáideoirí i dtíortha nach bhfuil sa limistéar euro nach bhfuil in ann íocaíochtaí a dhéanamh ar chostas íseal ach le líon teoranta daoine agus gnólachtaí.

Chun aghaidh a thabhairt ar an dá ábhar imní sin, tá gníomhaíocht reachtach ar leibhéal an Aontais ar an bhfreagairt is éifeachtaí agus tá sí ag teacht le cuspóirí na gConarthaí.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Faoi Airteagal 4 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní mór aon ghníomhaíocht a dhéanfaidh an tAontas chun an margadh inmheánach a chur i gcrích a mheas i bhfianaise phrionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Ní mór a mheas, maidir le cuspóirí an togra, cé acu (a) a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh na Ballstáit iad a ghnóthú trína gcórais dlí náisiúnta agus (b) is féidir nó nach féidir, de bharr a bhfairsinge nó a n-éifeachtaí, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais.

Tugadh rogha roimhe seo do na Ballstáit Rialachán 2560/2001 agus Rialachán 924/2009 a tháinig ina ionad a leathnú chuig a n-airgeadra náisiúnta. Go dtí seo, is í an tSualainn an t-aon tír amháin a bhain leas as an rogha sin, áfach. Mar thoradh air sin, is ionann anois na praghsanna ar íocaíochtaí trasteorann laistigh den Aontas a dhéantar in krona na Sualainne ón tSualainn agus na praghsanna ar íocaíochtaí intíre a dhéantar laistigh den tSualainn. Bhí tionchar dearfach ag úsáid na rogha sin ag an tSualainn ar íocaíochtaí trasteorann in euro freisin, ar ina leith nach ngearrann bainc na Sualainne aon mhuirear breise i gcomparáid le híocaíochtaí a dhéantar in krona laistigh den tSualainn.

Tá sé fíor go bhféadfadh Ballstáit eile nach bhfuil sa limistéar euro gníomhaíocht aonair a dhéanamh — faoi mar a rinne an tSualainn — chun an costas ar íocaíochtaí trasteorann a laghdú. Mar sin féin, beidh na bacainní reatha ann fad a bheidh Ballstáit ann nach ndearnadh aon ghníomhaíocht iontu. Ar an gcúis sin, b'fhearr dul i ngleic leis an bhfadhb trí ghníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ná trí ghníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal na mBallstát aonair nó ar leibhéal an mhargaidh, toisc nach féidir leis an dá cheann dheireanacha dul chun cinn tapa agus cumhdach iomlán ar fud an Aontais a áirithiú.

Ina theannta sin, dá ndéanfaí gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, ghinfí barainneachtaí scála (a mhéadódh an líon idirbheart trasteorann agus a chuirfí le héifeachtúlacht sa bhonneagar íocaíochtaí). Torthaí eile a bheadh ar ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais ba ea go méadófaí an méid trádála trasteorann laistigh den Aontas, go spreagfaí an iomaíocht agus go gcomhtháthófaí geilleagair an Aontais tuilleadh.

Mura ndéanfaí aon ghníomhaíocht ar bith, b'amhlaidh go gcoinneofaí an roinnt de facto sin ar bun, go moilleofaí comhtháthú eacnamaíoch agus go gcuirfí cosc ar dhoimhniú an mhargaidh aonair.

- **Comhréireacht**

Faoi phrionsabal na comhréireachta, ní rachaidh inneachar agus foirm ghníomhaíocht an Aontais thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na gConarthaí a bhaint amach.

Tá costas íseal ag baint leis an gcuspóir a bhaint amach. Tá sé sin amhlaidh mar go bhfuil rochtain ag soláthraithe seirbhíse íocaíochta an Aontais ar bhonneagair éifeachtúla um imréiteach agus glanadh euro. Tríd is tríd, cheanglófaí leis an togra seo ar sholáthraithe seirbhíse íocaíochta sna Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro na táillí a ghearrann siad i leith idirbhearta trasteorann in euro a chur ar chomhréim leis na táillí a ghearrann siad i leith idirbhearta intíre in airgeadra náisiúnta Bhallstát a n-úsáideoirí seirbhíse íocaíochta (ar táillí iad a bhíonn níos ísle de ghnáth). Baineann na Ballstáit sa limistéar euro tairbhe cheana féin as táillí ísle ar idirbhearta trasteorann le haghaidh fhormhór a n-idirbheart. Tríd an togra a theorannú d'idirbhearta euro amháin, ní bheidh aon tionchar aige ar sholáthraithe seirbhíse íocaíochta i mBallstáit atá sa limistéar euro, ach cumhdófar leis cuid mhór idirbheart sna Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro (thart ar 60 % dá n-idirbhearta trasteorann).

Ina theannta sin, trí na táillí a ghearrtar i leith idirbhearta trasteorann in euro a chur ar chomhréim leis na táillí a ghearrtar i leith idirbhearta intíre in airgeadra náisiúnta an Bhallstáit, tabharfar aird ar leibhéal forbartha agus éifeachtúlachta na gcóras áitiúil íocaíochta agus na mbanc áitiúil (bonneagar agus próisis). Go deimhin, ní hionann na costais táirgthe do gach tír agus, i roinnt Ballstát nach bhfuil sa limistéar euro, gearrtar suas le haon euro i leith idirbhearta intíre, fiú. Trí tháillí ar idirbhearta intíre a úsáid mar thagarmharc, beifear in ann aird a thabhairt ar shainiúlachtaí gach Ballstáit agus a soláthraithe seirbhíse íocaíochta. Déantar tuilleadh plé ar chomhréireacht i gcaibidlí 7 agus 8 den mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra.

Bheadh tairbhí soiléire ag baint le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a leathnú chuig airgeadraí seachas an euro, go háirithe maidir leis an líon íocaíochtaí a chumhdófaí. D'fhéadfadh, áfach, go spreagfadh sé sin soláthraithe seirbhíse íocaíochta na costais ar sheirbhísí eile, go háirithe íocaíochtaí intíre, a ardú chun idirbhearta trasteorann in airgeadraí seachas an euro a thras-fhóirdheonú. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith roghnach go fóill do na Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a leathnú chuig íocaíochtaí trasteorann atá ainmnithe ina n-airgeadra náisiúnta.

## 3. COMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara ar roinnt bealaí:

- reáchtáladh comhairliúchán poiblí oscailte ar tháillí idirbhirt idir an 24 Iúil 2017 agus an 30 Deireadh Fómhair 2017 (14 seachtaine);
- chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara ón tionscal, lena n-áirítear ionadaithe ó sholáthraithe seirbhíse íocaíochta difriúla, le linn an chruinnithe de chuid an tsainghrúpa maidir leis an margadh córas íocaíochta an 24 Deireadh Fómhair 2017;

- chuathas i gcomhairle le hionadaithe do na Ballstáit ag an gcruinniú de chuid shainghrúpa an Choimisiúin maidir le baincéireacht, íocaíochtaí agus árachas an 17 Samhain 2017;
- sholáthair an grúpa úsáideoirí seirbhíse airgeadais ionchur agus tuairimí ag an gcruinniú dá chuid an 5 Nollaig 2017.

Sna comhairliúcháin sin, labhair úsáideoirí seirbhíse íocaíochta (tomhaltóirí agus gnólachtaí) faoin ardphraghas a íocann siad as idirbhearta trasteorann agus faoin easpa trédhearcachta atá ann maidir leis na táillí a ghearrtar orthu. Ar an taobh eile, chuir soláthraithe seirbhíse íocaíochta in iúl go soiléir go bhfuil difríocht mhór ann idir íocaíochtaí in euro a 'phróiseáiltear go díreach' (i.e. iad sin a phróiseáiltear go huathoibríoch gan aon idirghabháil láimhe) agus íocaíochtaí in airgeadraí eile nach bpróiseáiltear ar bhealach chomh héifeachtúil céanna (agus a bhíonn níos costasaí dá bharr sin).

- **Bailiú agus úsáid sainchomhairle**

D'iarr an Coimisiún ar Deloitte, comhlacht comhairleoireachta, staidéar[7] a sheoladh chun sonraí a bhailiú faoi na táillí a ghearrann na trí bhanc is mó go dtí na seacht mbanc is mó i ngach Ballstát nach bhfuil sa limistéar euro agus i dtrí Bhallstát atá sa limistéar euro i leith idirbhearta íocaíochta trasteorann a chumhdaítear leis an togra (aistrithe creidmheasa, íocaíochtaí cárta agus aistarraingtí airgid). Ina theannta sin, iarradh ar Deloitte meastacháin a thabhairt ar chostais inmheánacha na n-idirbheart sin. Thángthas ar an gconclúid sa staidéar gur bhain idirbhearta in euro tairbhe as bonneagair, caighdeáin agus próisis éifeachtúla trasteorann ar cheart go gcumasófaí leo a bpraghsanna a chur ar chomhréim, ar chostais atá i bhfad níos ísle ná iad sin a fheictear inniu, leis na praghsanna ar idirbhearta airgeadra intíre. Thángthas ar an gconclúid ann freisin go bhfuil idirbhearta trasteorann in airgeadraí seachas an euro á rialú go fóill le próisis sheanaimseartha nach bhfuil aon bhonneagar láraithe acu. Tá na próisis sin costasach go fóill agus, dá bharr sin, cuirtear cosc ar sholáthraithe seirbhíse íocaíochta praghsanna iomaíocha ar na hidirbhearta sin a thairiscint.

- **Measúnú tionchair**

Breithníodh ceithre rogha beartais sa mheasúnú tionchair ar ina leith a fuarthas tuairim dhearfach ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála an 14 Feabhra 2018. Leathnaítear leis na roghanna go léir an prionsabal um na costais ar idirbhearta intíre in airgeadra náisiúnta Bhallstát an úsáideora seirbhíse íocaíochta a chothromú leis an gcostas ar idirbhearta trasteorann laistigh den Aontas:

(1) san aon airgeadra náisiúnta amháin;

(2) san aon airgeadra náisiúnta amháin agus in euro;

(3) in euro amháin;

(4) in airgeadra ar bith de chuid na mBallstát den Aontas, beag beann ar an áit a ndéantar na hidirbhearta.

---

7 Tá an staidéar ó Deloitte ar fáil ag https://ec.europa.eu/info/files/180328-study-cross-border-transaction-fees-extension_en

Beartaítear leis an tríú rogha táillí ar íocaíochtaí trasteorann in euro laistigh den Aontas a chur ar chomhréim leis na táillí ar idirbhearta intíre san airgeadra náisiúnta de chuid Ballstáit. Is é an tríú rogha an ceann a roghnaíodh sa togra reatha. Níl tionchar ar bith aici ar na Ballstáit atá sa limistéar euro. I gcás na mBallstát nach bhfuil sa limistéar euro, aimsíodh go bhfuil an rogha sin ar an rogha is éifeachtúla, ós rud é go bhfuil bonneagair nua-aimseartha le haghaidh íocaíochtaí trasteorann in euro ar fáil freisin do gach soláthraí seirbhíse íocaíochta i mBallstáit nach bhfuil sa limistéar euro. Aimsíodh an tríú rogha a bheith an-éifeachtach freisin mar gur in euro a dhéantar formhór na n-idirbheart trasteorann sna Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro. Ina theannta sin, ós rud é gurb íseal atá na costais ar idirbhearta in euro, bheadh riosca ní b'ísle ann go n-ardódh soláthraithe seirbhíse íocaíochta (a) táillí ar idirbhearta intíre, nó (b) na costais a bhaineann le comhshó airgeadra, agus é mar aidhm leo idirbhearta trasteorann a thras-fhóirdheonú. Ba faoi réir rialacha iomaíochta a bheadh aon bheart den chineál sin a dhéanfadh soláthraithe seirbhíse íocaíochta. Ar deireadh, tá an tríú rogha sin comhsheasmhach freisin leis an sprioc fhadtéarmach atá ann go mbeadh an euro ina airgeadra comhchoiteann do gach Ballstát. Bunaithe ar thorthaí an chomhairliúcháin, b'airde an méid a ghlacfadh soláthraithe seirbhíse íocaíochta leis an rogha sin ná aon rogha eile freisin.

De réir na rogha sin, dhéanfadh soláthraithe seirbhíse íocaíochta i mBallstáit nach bhfuil sa limistéar euro táillí ar íocaíochtaí trasteorann in euro a chothromú le híocaíochtaí intíre in airgeadra na mBallstát sin. Tá na himpleachtaí praiticiúla teoranta d'athrú a dhéanamh sna táblaí táillí a úsáideann soláthraithe seirbhíse íocaíochta agus iad ag gearradh táillí ar a gcliaint. Maidir leis na coigiltí díreacha d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta (ar tomhaltóirí agus fiontair bheaga agus mheánmhéide iad an chuid is mó díobh mar gur gnách go mbaineann corparáidí móra tairbhe as táillí idirbheartaithe) agus maidir leis an ioncam laghdaithe comhfhreagrach a bheidh ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta mar thoradh ar an mbeart sin, meastar gurb ionann iad agus EUR 900 milliún in aghaidh na bliana, rud a thiocfadh as na táillí laghdaithe a ghearrfaí ar idirbhearta trasteorann in euro. Ina theannta sin, bhainfeadh úsáideoirí seirbhíse íocaíochta tairbhe as an trédhearcacht mhéadaithe a bheadh ann sna táillí a ghearrtar ar idirbhearta trasteorann. Ní bheidh ach costas diomaibhseach ag baint le maoirseoirí a fhostú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh soláthraithe seirbhíse íocaíochta an Rialachán.

Meastar go mbeidh dhá phríomhthionchar ann san fhadtéarma. An chéad tionchar a mheastar a bheidh ann is ea go gcomhtháthófar níos fearr na Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro agus na Ballstáit atá sa limistéar euro mar go gcruthófar cothroime iomaíochta d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide. An dara tionchar a mheastar a bheidh ann is ea gur mó an comhionannas ann idir daoine san Aontas maidir leis an rochtain a bheidh acu ar íocaíochtaí trasteorann ar chostas íseal.

Is é tátal an mheasúnú tionchair go dtiocfaidh laghdú ar ioncam na soláthraithe seirbhíse íocaíochta ar chur chun feidhme an togra. Tá dóchúlacht ann go ndéanfadh gníomhaithe margaidh iarracht forchúiteamh a dhéanamh ar chuid den ioncam a chaillfidís, trí na táillí a ghearrann siad ar tháirgí agus seirbhísí eile (e.g. táillí idirbhearta intíre nó táillí bainistithe cuntais) a mhéadú. Ar ndóigh bheadh na hiarrachtaí sin faoi réir na rialacha náisiúnta agus rialacha an Aontais maidir le hiomaíocht. Ní mór a lua nár tháinig aon mhéadú ar tháillí nuair a forchuireadh ceanglais chomhchosúla ar bhainc i mBallstáit an limistéir euro tar éis theacht i bhfeidhm chéad Rialachán 2001. Os a choinne sin, lean táillí ar gach cineál íocaíochta de bheith ag laghdú i mBallstáit an limistéir euro. I ndáil le Ballstáit nach bhfuil sa limistéar Euro ba cheart a lua gur bhain an tSualainn leas as rogha atá ann cheana i Rialachán 924/2009 chun raon feidhme an Rialacháin a leathnú chuig krona na Sualainne. Chuaigh sé sin chun tairbhe

do thomhaltóirí Sualannacha gan damáiste a dhéanamh do mhargadh íocaíochtaí na Sualainne ag an am céanna[8].

Tá baol ann, áfach, go bhféadfadh soláthraithe seirbhísí íocaíochta costais comhshó airgeadra a úsáid chun forchúiteamh a dhéanamh ar an ioncam a chaillfidís mar thoradh ar an gceanglas a bheadh orthu a dtáillí euro agus a dtáillí neamh-euro a chur i gcomhréir lena chéile. Níl úsáideoirí seirbhísí íocaíochta chomh heolach sin ar na costais comhshó airgeadra sin agus níl na costais trédhearcach go leor lena dtomhas ag úsáideoirí seirbhísí íocaíochta. Tugtar aghaidh leis an togra ar an riosca sin trína cheangal go mbeadh trédhearcacht mhéadaithe ann maidir le comhshó airgeadra.

Tar éis an bharúil dhearfach agus moltaí le haghaidh feabhais a fháil ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála, leasaíodh an tuarascáil ar an measúnú tionchair chun cur síos níos mine a dhéanamh ar an ról fadtéarmach a d'fhéadfaí a bheith ag an teicneolaíocht airgeadais i dtáillí ar íocaíochtaí trasteorann a laghdú. Rinneadh athbhreithniú freisin ar an rannán sa tuarascáil ar an measúnú tionchair ina bpléitear le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na leasuithe atá sa Togra seo. Ar deireadh, rinne seirbhísí an Choimisiúin tuilleadh oibre ar thrédhearcacht i gcomhshó airgeadra. Cumhdaíodh an tsaincheist sin cheana féin leis an Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta, rud lena bhforchuirtear ceanglais trédhearcachta. Mar sin féin, ba cheart na ceanglais sin a dhéanamh níos sonraí fós chun go mbeadh siad ní b'éifeachtaí agus chun cosc a chur ar fhrithbhearta lena bhfrithháireofaí aon tairbhí laghdú costais a bhainfí amach trí Rialachán 924/2009 a leasú. Is é atá i gceist leis an réiteach a mholtar sa togra reatha sainordú a thabhairt don Údarás Baincéireachta Eorpach caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun trédhearcacht agus inchomparáideacht tairiscintí comhshó airgeadra a áirithiú. Is ar mheasúnú tionchair ar leith a bheidh le déanamh ag an Údarás Baincéireachta Eorpach a bhunófar forbairt na gcaighdeán teicniúil rialála sin.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Sonraíodh i gclár oibre an Choimisiúin don bhliain 2017 gur tionscnamh REFIT[9] a bhí i Rialachán 924/2009. Cuireadh an Rialachán sin faoi réir simplithe cheana sa bhliain 2012 nuair a rinneadh leasuithe air leis an Rialachán maidir leis na dátaí deiridh don limistéar aonair d'íocaíochtaí euro (Rialachán (AE) Uimh. 260/2012), rud lenar cuireadh deireadh leis an uasteorainn EUR 50 000 nach raibh feidhm ag Rialachán 924/2009 os a cionn agus lenar cuireadh deireadh le roinnt oibleagáidí tuairiscithe.

Leis an togra, cuirfear arís eile lena éifeachtaí atá Rialachán 924/2009. Cé go raibh feidhm ag Rialachán 924/2009 maidir le gach idirbheart euro sna Ballstáit go léir, níl sé ag dul chun tairbhe do shaoránaigh agus gnólachtaí an Aontais nach bhfuil sa limistéar euro, cé go mbaineann siad úsáid fhorleathan as an euro le haghaidh idirbhearta trasteorann. Leis an togra seo, réiteofar an t-easnamh sin agus tabharfar deis ar deireadh do gach saoránach agus gnólacht de chuid an Aontais tairbhe a bhaint as an Rialachán seo, a raibh mar aidhm leis ón tús dul chun tairbhe don Aontas ar fad agus ní don limistéar euro amháin.

---

8 Féach an cur síos ar chás na Sualainne in Iarscríbhinn 4 den tuarascáil ar an measúnú tionchair a ghabhann leis seo.

9 Seoladh an Clár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT) i mí na Nollag 2012 agus is clár é atá dírithe ar dhlí an Aontais a dhéanamh níos éadroime, níos simplí agus níos saoire chun go rachadh sé chun tairbhe do shaoránaigh agus gnólachtaí agus chun go gcabhródh sé le dálaí a chruthú atá riachtanach le haghaidh fáis agus fostaíochta. Ní chaitear amhras leis ar chuspóirí beartais an Aontais ach ina ionad sin, is é an aidhm atá leis teacht ar bhealaí níos éifeachtaí chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Bainfidh micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide i gcoitinne tairbhe as an togra. Go deimhin, ní bhíonn an chuid is mó d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, go háirithe na fiontair is lú, in ann na táillí a íocann siad as íocaíochtaí trasteorann a idirbheartú. Is gnách nach mbíonn an rogha sin ar fáil ach do chustaiméirí corparáideacha móra a bhaineann tairbhe as seirbhísí bainistíochta airgid na mbanc mór. Dá leathnófaí an Rialachán, mar sin, ba mhó an tairbhe a bheadh ann d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide ná an tairbhe sin a bheadh ann do chuideachtaí móra.

Méadófar iomaíochas i measc ghnólachtaí an Aontais mar go mbeidh siad in ann freastal ar raon níos leithne soláthraithe nó cliant ar chostas níos ísle. Is dócha go méadófar iomaíochas i ngeilleagar an Aontais ina iomláine a bhuí leis an gcomhtháthú eacnamaíoch níos dlúithe a thiocfaidh as deireadh a chur le bacainní a bhaineann le costais íocaíochta.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí buiséadacha ag an togra d'institiúidí an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na rialacha nua faoin 31 Deireadh Fómhair 2022 agus ba cheart í a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh. Le linn na meastóireachta sin, ba cheart forbairtí margaidh a iniúchadh go háirithe agus measúnú a dhéanamh ar a oiriúnaí a bheadh sé an togra a leathnú chuig gach airgeadra de chuid Bhallstáit an Aontais agus ní chuig an euro amháin.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Moltar nár cheart an praghas ar idirbheart íocaíochta trasteorann in euro laistigh den Aontas a bheith difriúil leis an bpraghas ar idirbhearta intíre laistigh de Bhallstát a dhéantar in airgeadra náisiúnta an Bhallstáit sin.

Bunaítear le hAirteagal 1(2) an prionsabal nach mór do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta táillí ar íocaíochtaí trasteorann in euro a chur i gcomhréir leis na táillí sin ar íocaíochtaí intíre comhfhreagracha in airgeadra náisiúnta Bhallstát an úsáideora seirbhísí íocaíochta do na Ballstáit sin freisin nach bhfuil an euro mar airgeadra náisiúnta acu.

Tugtar soiléiriú breise le hAirteagal 1(3) ar Airteagail 45 agus 59 de Threoir (AE) 2015/2366 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach a bhaineann le comhshó airgeadra agus ceanglaítear leis ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a áirithiú go mbeidh trédhearcacht ann sula dtionscnófar aon íocaíocht agus go mbeifear in ann roghanna malartacha comhshó airgeadra a chur i gcomparáid lena chéile. Cuirtear de chúram ar an Údarás Baincéireachta Eorpach leis an Airteagal seo caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun a áirithiú gur trédhearcach agus inchomparáide go hiomlán ó thaobh praghais de a bheidh na roghanna difriúla seirbhíse comhshó airgeadra atá ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse íocaíochta.

2018/0076 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 maidir le muirir áirithe ar íocaíochtaí trasteorann san Aontas agus muirir comhshó airgeadra**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[10],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Ón uair a glacadh Rialachán (CE) Uimh. 2560/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] ar an gcéad dul síos agus a glacadh Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] ina dhiaidh sin, tá laghdú suntasach tagtha ar mhuirir ar íocaíochtaí trasteorann in euro idir na Ballstáit sa limistéar euro chuig leibhéil atá diomaibhseach i bhformhór mór na gcásanna.

(2) Is íocaíochtaí trasteorann in euro ó na Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro atá i sciar an-mhór de na híocaíochtaí trasteorann ar fad ó na Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro, áfach. |Leanann na muirir ar na híocaíochtaí trasteorann sonracha sin de bheith ard, cé go bhfuil rochtain ag soláthraithe seirbhíse íocaíochta ar na bonneagair éifeachtúla chéanna le haghaidh na híocaíochtaí sin a phróiseáil ar chostas an-íseal is atá ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta ón limistéar euro.

(3) Tá ardmhuirir ar íocaíochtaí trasteorann ina mbacainn fós ar ghnólachtaí agus saoránaigh i mBallstáit nach bhfuil sa limistéar euro a chomhtháthú isteach go hiomlán sa mhargadh aonair. Mar thoradh ar na muirir sin, tá dhá chatagóir d’úsáideoirí seirbhísí íocaíochta san Aontas go fóill: úsáideoirí seirbhíse íocaíochta a mbaineann a bhformhór mór tairbhe as an limistéar aonair d’íocaíochtaí euro (‘SEPA’) ar thaobh amháin, agus úsáideoirí seirbhísí íocaíochta a íocann ardchostais as a n-íocaíochtaí trasteorann in euro ar an taobh eile.

---

10 IO C, , lch. .

11 Rialachán (CE) Uimh. 2560/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2001 maidir le híocaíochtaí trasteorann in euro (IO L 344 28.12.2001, lch. 13).

12 Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le híocaíochtaí trasteorann sa Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2560/2001 (IO L 266, 9.10.2009, lch. 11).

(4) Chun feidhmiú an Mhargaidh Aonair a éascú agus chun deireadh a chur leis na bacainní idir úsáideoirí seirbhísí íocaíochta sa limistéar euro agus iad sin sna Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro maidir le híocaíochtaí trasteorann in euro, is gá a áirithiú go mbeidh muirir ar íocaíochtaí trasteorann in euro laistigh den Aontas i gcomhréir le muirir ar íocaíochtaí intíre a dhéantar san airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit.

(5) Tá muirir comhshó airgeadra ina gcostas suntasach d'íocaíochtaí trasteorann i gcás nach ionann an t-airgeadra atá in úsáid i dtír an íocóra agus an t-airgeadra atá in úsáid i dtír an íocaí ann. Le hAirteagal 45 de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13], ceanglaítear trédhearcacht maidir le muirir agus leis an ráta malairte a bheidh in úsáid sula dtionscnófar idirbheart íocaíochta. Cé go dtairgtear roghanna malartacha comhshó airgeadra ag an díolphointe nó ag uathmheaisín bainc, is féidir nach n-éascóidh an trédhearcacht sin comparáid thapa shoiléir idir na roghanna difriúla comhshó airgeadra sin. Is é an toradh atá ar an easpa trédhearcachta sin go gcuirtear cosc ar iomaitheoirí eile na costais a bhaineann le comhshó airgeadra a laghdú agus go méadaítear an riosca go roghnóidh íocóirí roghanna costasacha comhshó airgeadra. Is gá, dá bhrí sin, bearta a fhorbairt atá dírithe ar sholáthraithe seirbhíse íocaíochta, ar bearta iad lena gcuirfear feabhas ar thrédhearcacht agus lena gcosnófar tomhaltóirí ar mhuirir iomarcacha ar sheirbhísí comhshó airgeadra, go háirithe i gcás nach dtugtar do thomhaltóirí an fhaisnéis a theastaíonn uathu chun an rogha comhshó airgeadra is fearr a dhéanamh ann.

(6) Chun trédhearcacht a áirithiú i muirir comhshó airgeadra, is gá bonneagair agus próisis íocaíochta reatha a oiriúnú, go háirithe i gcás íocaíochtaí a dhéantar ar líne nó ag an díolphointe nó i gcás aistarraingtí airgid ó uathmheaisíní bainc. Chuige sin, ba cheart dóthain ama a thabhairt do ghníomhaithe margaidh a mbonneagar agus a bpróisis a oiriúnú i dtaca leis na forálacha sin a bhaineann le muirir comhshó airgeadra chun go gcomhlíonfaidh siad na caighdeáin theicniúla rialála atá le glacadh ag an gCoimisiún.

(7) Mar thoradh ar leibhéal teicniúil na mbeart a theastaíonn le haghaidh trédhearcacht a áirithiú i muirir comhshó airgeadra, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh a bhforbróidh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach iad maidir leis an leibhéal trédhearcachta a theastaíonn agus lena inchomparáide atá seirbhísí comhshó airgeadra. Ba cheart don Choimisiún na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14].

(8) Chun an dochar do thomhaltóirí a theorannú sula gceanglófar ar ghníomhaithe margaidh na bearta trédhearcachta a chomhlíonadh, is cuí ordú a thabhairt don Údarás Baincéireachta Eorpach a shainiú faoi réir an chaighdeáin theicniúil rialála an uasteorainn idirthréimhseach ba cheart a chur i bhfeidhm chun na muirir ar sheirbhísí comhshó airgeadra a theorannú agus chun iomaíocht chóir a choinneáil i measc soláthraithe seirbhísí íocaíochta ag an am céanna.

---

[13] Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

[14] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

(9) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach ach, de bharr nádúr trasteorann na n-íocaíochtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 924/2009**

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Leis an Rialachán seo leagtar síos rialacha maidir le híocaíochtaí trasteorann laistigh den Aontas",

(b) i mír 2, cuirtear an dara fomhír seo a leanas leis:

"Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagail 3a agus 3b maidir le gach íocaíocht trasteorann, is cuma cé acu atá na híocaíochtaí sin ainmnithe in euro nó in airgeadra náisiúnta de chuid Ballstáit seachas an euro.";

(2) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Na muirir a thoibheoidh soláthraí seirbhísí íocaíochta ar úsáideoir seirbhísí íocaíochta maidir le híocaíochtaí trasteorann in euro, beidh siad mar an gcéanna leis na muirir a thoibheoidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta sin ar úsáideoirí seirbhísí íocaíochta maidir le híocaíochtaí náisiúnta comhfhreagracha den luach céanna agus in airgeadra oifigiúil Bhallstát an úsáideora seirbhíse íocaíochta.";

(b) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

"1a. Na muirir a thoibheoidh soláthraí seirbhíse íocaíochta ar úsáideoir seirbhísí íocaíochta maidir le híocaíochtaí trasteorann san airgeadra náisiúnta de chuid Ballstáit a thug fógra faoin gcinneadh uaidh cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a leathnú chuig a airgeadra náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 14, beidh siad mar an gcéanna leis na muirir a thoibheoidh an soláthraí seirbhísí íocaíochta sin ar úsáideoirí seirbhíse íocaíochta maidir le híocaíochtaí náisiúnta comhfhreagracha den luach céanna agus san airgeadra céanna.";

(c) scriostar mír 3,

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Ní chumhdófar muirir comhshó airgeadra leis na muirir dá dtagraítear i míreanna 1 agus 1a.";

(3) cuirtear an tAirteagal 3a seo a leanas isteach:

“*Airteagal 3a*

**Muirir comhshó airgeadra**

1. Ón [Oifig na bhFoilseachán – cuir isteach an dáta 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], tabharfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta fógra d’úsáideoirí seirbhísí íocaíochta faoi chostas iomlán na seirbhísí comhshó airgeadra agus, nuair is infheidhme, faoi chostas na seirbhísí malartacha comhshó airgeadra sula dtionscnófar idirbheart íocaíochta chun go mbeidh úsáideoirí seirbhísí íocaíochta in ann roghanna malartacha comhshó airgeadra agus a gcostais chomhfhreagracha a chur i gcomparáid lena chéile. Chuige sin, nochtfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta an ráta malairte atá le cur i bhfeidhm, an ráta tagartha malairte eachtraí atá le húsáid agus méid iomlán na muirear is infheidhme maidir le comhshó an idirbhirt íocaíochta.

2. Forbróidh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrófar conas a áiritheoidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta go mbeidh trédhearcacht ann d’úsáideoirí seirbhísí íocaíochta agus go mbeidh siad in ann na praghsanna ar roghanna difriúla seirbhíse comhshó airgeadra, más ann dóibh, a chur i gcomparáid lena chéile. Áireofar leis na caighdeáin sin bearta atá le cur i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta, lena n-áirítear ag uathmheaisín bainc agus ag an díolphointe, chun a áirithiú go dtabharfar fógra d’úsáideoirí seirbhísí íocaíochta faoi chostais na seirbhísí comhshó airgeadra agus faoi chostais na roghanna malartacha comhshó airgeadra, más ann dóibh, sula dtionscnófar an íocaíocht.

Is leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír freisin a shocrófar uasmhéid na muirear ceadaithe go léir le haghaidh na seirbhísí comhshó airgeadra a fhéadfar a chur i bhfeidhm maidir le hidirbheart íocaíochta le linn na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 3b. Cuirfear san áireamh sna caighdeáin sin méid an idirbhirt íocaíochta agus an luaineacht i rátaí malairte idir airgeadraí na mBallstát den Aontas, agus iomaíocht chóir idir na soláthraithe seirbhísí íocaíochta á baint amach agus á coinneáil ag an am céanna. Sonrófar sna caighdeáin theicniúla rialála na bearta atá le cur i bhfeidhm chun a áirithiú nach ngearrfar níos mó ná an t-uasmhéid sin ar úsáideoirí seirbhísí íocaíochta le linn na tréimhse sin.

Cuirfidh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]

Tarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.

---

* Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).”;

(4) cuirtear an tAirteagal 3b seo a leanas isteach:

*"Airteagal 3b*

**An idirthréimhse**

Le linn na hidirthréimhse idir teacht i bhfeidhm na gcaighdeán teicniúil rialála dá dtagraítear sa cheathrú fomhír d'Airteagal 3a(2) agus dáta chur i bhfeidhm Airteagal 3a(1), ní bheidh na muirir ar sheirbhísí comhshó airgeadra níos mó ná an t-uasmhéid a socraíodh sna caighdeáin theicniúla rialála a glacadh i gcomhréir leis an gceathrú fomhír d'Airteagal 3a(2).";

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

"*Airteagal 15*

**Athbhreithniú**

Faoin 31 Deireadh Fómhair 2022, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, rud a mbeidh togra ag gabháil leis, más iomchuí, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh. Cumhdófar sa tuarascáil sin go háirithe a oiriúnaí atá sé Airteagal 1(2) a leasú chun a áirithiú go gcumhdófar gach airgeadra de chuid na mBallstát den Aontas leis an Rialachán seo.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2019.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |